# Dínit an Bhróin

Ceisteanna Buntuisceana



Foghlaim TG4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

**Ceisteanna Buntuisceana (Déan iarracht tacaíocht a thabhairt do do chuid freagraí le hathfhriotal ón dán).**

1. Cén phearsa ina bhfuil an dán seo scríofa? Cé atá ag labhairt?

2. Déan cur síos i d'fhocail féin ar éadaí na mban sa chéad véarsa.

3. Cén saghas daoine iad na mná sa chéad véarsa?


4.Cén fáth a ndéanann an file athrá ar an líne 'd'imigh an dínit leo', an dóigh leat?

5. Cén rud a thagann i dtír sa dara véarsa?

6. Cén saghas daoine atá sa 'slua callánach'?

7. Cad a dhéanann an slua a chuireann isteach ar an bhfile?

8. Cén fáth a gceapann an file go bhfuil dínit ag baint leis an mbrón?



**Ceisteanna Léirthuisceana**

1. Cén chaoi ar mhothaigh tú nuair a léigh tú an dán seo?

2. An bhfuil an chodarsnacht sa dán seo éifeachtach an dóigh leat? Cén chaoi?

3. Déan cur síos ar úsáid na heipeafáine atá sa dán seo.

4. Cén saghas duine é an file, an dóigh leat?

5. Cén fáth a gcuireann an file tost na mban i gcomparáid le gleo an tslua?


6. Déan plé ar dhá íomhá sa dara véarsa a chuaigh i bhfeidhm ort.

7. Céard é príomhthéama an dáin seo, dar leat?

8. Déan plé ar cheann amháin de na teicnící fileata seo a leanas: codarsnacht, athrá, sioscadh, uaim

9. Ar thaitin an dán seo leat? Cén fáth?

10. Déan plé ar shiomblachas sa dán seo.



# Idir na Línte

Foghlaim TG4